C/2025/6705

15.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12211 — AXPO ITALIA / CANARBINO / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6705)

1. An 5 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Axpo Italia S.p.A. ('Axpo Italia', an Iodáil), faoi rialú Axpo Holding AG (an Eilvéis),

— Canarbino S.p.A. ('Canarbino', an Iodáil), faoi rialú Luna Verde S.r.l. (an Iodáil),

— Ramo d'Azienda Lumina ('RA Lumina', an Iodáil), faoi rialú Black Oils S.p.A. (an Iodáil).

Gheobhaidh Axpo Italia agus Canarbino, trína gcomhfhiontar comhrialaithe Energia Pulita S.r.l. (an Iodáil), rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar RA Lumina ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Axpo Italia gníomhach i mórdhíol leictreachais agus gáis, i miondíol leictreachais agus gáis agus i ndíol táirgí fuinnimh agus a ndíorthaigh agus deimhnithe comhshaoil san Iodáil,

— Tá Canarbino gníomhach i mórdhíol leictreachais agus gáis nádúrtha, i soláthar miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha, agus i soláthar seirbhísí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh san Iodáil,

— Is aonad gnó é RA Lumina atá gníomhach i soláthar miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha san Iodáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12211 — AXPO ITALIA / CANARBINO / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.